AGUISÍN B

ANAILÍS AR NA FREAGRAÍ AR AN GCOMHAIRLIÚCHÁN REACHTÚIL

CURTHA I GCLÓ AR PHÁIPÉAR ATHCHÚRSÁILTE

RPS Consulting Engineers

COMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA NGALL

AN DRÉACHT-PHLEAN ATHSOLÁTHAIR BHAINISTIÚ

DRAMHAÍOLA

IÚIL 2006

ANAILÍS AR NA FREAGRAÍ AR AN GCOMHAIRLIÚCHÁN REACHTÚIL

BILEOG RIALAITHE AN DOICIMÉID

Ullmhaithe ag:	D Nesbitt
Oifig Bhunaidh:	Leitir Ceanainn
Seiceáilte ag:	D Doyle
Oifig Bhunaidh:	Leitir Ceanainn
Tag. Tuarascála:	BL568610/Tuarascálacha
Stádas:	Deireadh
Uimh. Athbhreithnithe:	*
Dáta Scaoilte:	Iúil 2006

Ceadaithe agus údaraithe lena eisiúint:



Ainm: Donal Doyle
Post: Stiúrthóir Teicniúil

CLÁR

1.0 RÉAMHRÁ

2.0 AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

3.0 FORLÉARGAS AR NA FREAGRAÍ

4.0 ANAILÍS AR NA FREAGRAÍ AR AN GCOMHAIRLIÚCHÁN

5.0 CONCLÚIDÍ

1.0 RÉAMHRÁ

Tar éis comhairliúchán reachtúil poiblí, tá an dréachtphlean do Chomhairle Chontae Dhún na nGall tugtha chun críche. Is é príomhchuspóir an phlean ná na príomhcheanglais a leagan amach a bheidh de dhíth ar an gContae chun a chuid oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh.

Tugann an tuarascáil seo achoimre agus anailís ar na freagraí scríofa a fuarthas sa phróiseas comhairliúcháin don dréacht-Phlean athsholáthair Bhainistiú Dramhaíola (2006) do Chomhairle Chontae Dhún na nGall. Tá an tuarascáil leagtha amach mar seo a leanas:

- An próiseas comhairliúcháin
- Anailís ar na freagraí
- Conclúidí

2.0 AN PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

Cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin an 12^{ú} Bealtaine 2006 agus críochnaíodh é an 14^{ú} Iúil 2006. I measc na poiblíochta a rinneadh air, bhí an Dréacht-Phlean Athsholáthair a fhoilsiú ar láithreán gréasáin Chomhairle Chontae Dhún na nGall, fógraí a chur sna nuachtáin agus an Plean a chur ar taispeáint sna suímh seo a leanas:

- Rannóg Comhshaoil Chomhairle Chontae Dhún na nGall, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear
- Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Neil T. Blaney, Leitir Ceanainn
- Ionad Seirbhísí Poiblí, An Phríomhshráid, Baile na nGallóglach
- Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Mhálanna, Carn Domhnach
- Ionad Seirbhísí Poiblí, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath
- Ionad Seirbhísí Poiblí, Drumlonagher, Baile Dhún na nGall

I rith na tréimhse sin, iarraidh ar na daoine a ndeachthas i gcomhairle leo a gcuid tuairimí a chur isteach, le litir nó trí ríomhphost, nó ar pháipéar ag tabhairt mionsonraí de na modhnuithe a bhí molta acu ar bhainistiú na dramhaíola cathrach sa Chontae.

3.0 FORLÉARGAS AR NA FREAGRAÍ

Fuarthas 4 fhreagra ar an iomlán i rith na tréimhse comhairleacháin. Bhí na freagraí sin comhdhéanta de na grúpaí leasmhara seo a leanas:

- An Chomhairle Náisiúnta Dramhaíola Tógála agus Scartála. (NCDWC)
- An Chónaidhm Tionscail Foirgníochta (CIF)
- Grúpa Caomhnaithe Chomhshaoil Mhín na bPoll
- Bailitheoirí Dramhaíola

Thug na freagróirí go léir tuairimí a bhain leis an dréachtphlean athsholáthair. Chomh maith leis sin, fuarthas tuairimí níos ginearálta ar an bpróiseas comhairliúcháin agus ar shaincheisteanna bhainistiú dramhaíola i nDún na nGall.

4.0 ANAILÍS AR NA FREAGRAÍ AR AN GCOMHAIRLIÚCHÁN

Tugann an roinn seo anailís ar na freagraí a fuarthas i rith an phróisis comhairliúcháin. Tá na freagraí briste síos faoi na príomh-cheannteidil seo a leanas:

- Dul Chun Cinn go dtí seo
- Comhairliúchán
- Oideachas
- Athchúrsáil
- Dramhaíl Tosaíochta
- Rólanna agus Freagrachtaí
- Bailiú Dramhaíola
- Rátaí Fáis Dramhaíola
- Táillí ag Líonadh Talún
- Caiteachas agus Costais Diúscartha
- Soláthar Seirbhíse
- Forbairtí Polasaí
- Soláthar
- Láthair Líonadh Talún a Roghnú
- Spriocanna Fáis Dramhaíola

4.1 DUL CHUN CINN GO DTÍ SEO

Mothaíonn Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll go bhfuil áibhéil mhór déanta den rathúlacht a éilíodh i bPleananna Bhainistú Dramhaíola 2000.

Thug Roinn 5 den Phlean Bhainistiú Dramhaíola mionsonraí ar na cuspóirí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtearmacha de Phlean 2000 agus thug mionsonraí fíriciúla ar an dul chun cinn a rinneadh sa chontae maidir leis na cuspóirí sin a chomhlíonadh.

4.2 COMHAIRLIÚCHÁN

Tagraíonn Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll do chomhairliúchán "ar ar éigin gur ann dó" agus nach raibh comhairlúchán cuí ag tarlú go dtí seo.

Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall gur cuid thábhachtach é an comhairliúchán poiblí den athbhreithniú ar phleanáil bhainistiú dramhaíola agus leanann an chomhairle de bheith ag déanamh a díchill dul chun cainte leis an bpobal ar shaincheisteanna bhainistiú dramhaíola. Tá an comhairlúchán a rinneadh don Phlean athsholáthair Bhainistiú Dramhaíola mionsonraithe i Roinn 3 den Phlean agus bhí tréimhse comhairliúcháin reachtúil ón 12ú Bealtaine go dtí an 14ú Iúil 2006 san áireamh ann.

Bíonn na comhairliúcháin go léir a dhéanann Comhairle Chontae Dhún na nGall de réir alt 22 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996 agus Ciorclán WIR 06/04 na Roinne Comhshaoil.

4.3 OIDEACHAS

Dúirt Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll gur chóir clár oideachais ollmhór praiticiúil a rith go leanúnach ar mhúiríneoirí, péistlanna agus athchúrsáil i ngach ceantar de Dhún na nGall mar chláir oideachais aosaigh, ba chóir go mbeadh cláir den sórt céanna á rith sna scoileanna le cur leo sin.

Tá níos mó feasachta ar bhainistiú dramhaíola feabhsaithe sa Chontae trí Oifigeach Feasachta Dramhaíola agus Oifigeach Athchúrsála a cheapadh. Ritheann Comhairle Chontae Dhún na nGall clár oideachais forleathan sna scoileanna ar fud an Chontae. Chomh maith leis sin, téann an Chomhairle chun cainte le grúpaí pobail, gnólachtaí, grúpaí deonacha etc maidir le hoideachas agus feasacht dramhaíola.

Tá tuairisc mhion ar thionscnaimh oideachais agus feasachta dramhaíola na Comhairle i roinn 4 den Phlean, agus áirítear orthu sin: *The Green Piece*, Cainteanna Pobail, Cuairteanna Scoile agus rannpháirtíocht i gClár Scoileanna Glasa An Taisce.

4.4 ATHCHÚRSÁIL

Tá Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll ag iarraidh ar an gComhairle brú a chur ar an Rialtas Náisiúnta chun scéimeanna a bhunú chun buidéil agus cannaí a thógáil ar ais/a fhágáil ag ionad.

Fáiltíonn Comhairle Chontae Dhún na nGall roimh thionscnaimh náisiúnta ón Rialtas a bhíonn dírithe ar dhramhaíl a bhainistiú de réir an Ordlathais Bhainistiú Dramhaíola agus tacaíonn an Plean Dramhaíola leis an gcur chuige sin.

Caithfidh an Chomhairle béim a chur ar gach ábhar inathchúrsáilte agus gach ábhar orgánach a bhaint amach as an slabhra dramhaíola iarmharaí. Chruthódh athchúrsáil na n-ábhar sin sa Chontae poist nua agus fiontair dhúchasacha nua.

Tá an t-infrastruchtúr aisghabhála agus athchúrsála dramhaíola sa Chontae leathnaithe ag Comhairle Chontae Dhún na nGall le cúig bliana anuas. Leanfaidh méadú breise ar aisghabháil agus athchúrsáil as na leathnuithe sin, ar leathnuithe iad i bhfoirm láithreáin áiseanna cathartha, bainc thabhartha, ceadú d'ábhair thirime inathchúrsáilte measctha a bhailiú mar aon le dramhaíl orgánach. Tá leathnuithe breise beartaithe sna blianta amach romhainn agus tá mionsonraí ina leith i Roinn 15 den Phlean.

4.5 DRAMHAÍL TOSAÍOCHTA

Tagraíonn an NCDWC agus an CIF do Ranna 7.1, 7.17 agus 8.4 agus déanann siad trácht ar an méid dramhaíola C&D atá á cruthú i nDún na nGall agus molann siad gur figiúr cuí é figiúr os cionn 150,000 tonna ba chóir foráil dó sa phlean.

Tá an figiúr sin (150,000 tonna) bunaithe ar anailís ar na staitisticí náisiúnta agus ar staitisticí tógála tithe i nDún na nGall. Tá an Plean Dramhaíola athbhreithnithe chun aitheantas a thabhairt don chur chuige staitistiúil i leith an méid Dramhaíola C&D a chruthaítear sa chontae. Mar sin féin, bheadh sé le tuiscint ó chúrsaí nach mbeadh an figiúir sin ina léiriú cruinn ar an gcás. Níl scartáil ina mór-mhír foirgníochta i nDún na nGall, ar ghníomhaíocht páirce glaise is mó atá sa Chontae. Tá seirbhís rialála dramhaíola stiúrthóireacht comhshaoil na Comhairle Contae an-ghníomhach le gairid sa réimse seo agus leanfaidh sí de bheith ag monatóireacht agus ag rialáil an cháis ar bhonn leanúnach.

Tá an Plean leasaithe, tá sprioc leagtha síos ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun an taifeadadh ar dhramhaíl C&D a nglactar léi ag saoráidí ceadaithe a fheabhsú mar aon le feabhas a chur ar bhailiú sonraí dramhaíola C&D sa Chontae.

Tagraíonn NCDWC agus an CIF do Roinn 7.17 agus molann gur chóir dramhaíl C&D áirithe a athchúrsáil.

Tá na seirbhísí dramhaíola agus an t-infrastruchtúr a ghabhann leis laistigh den Chontae príobháidithe agus nuair is féidir spreagtar an earnáil phríobháideach athchúrsáil a dhéanamh agus saoráidí athchúrsála a sholáthar trí idirghabháil na n-oifigeach iomcuí i seirbhís bhainistiú dramhaíola na Comhairle.

Tá an Plean leasaithe, tá sprioc leagtha síos ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun forbairt saoráidí do dhramhaíl C&D ag an earnáil phríobháideach a spreagadh agus a chur chun cinn.

Tagraíonn NCDWC agus an CIF do Roinn 7.17 Tábla 7.14 agus tagraíonn arís don ghá atá le hinfrastruchtúr athchúrsála dramhaíola C&D a fhorbairt.

Baineann an freagra a tugadh thuas leis an gceist seo. Tá na seirbhísí dramhaíola agus an t-infrastruchtúr a ghabhann leis laistigh den Chontae príobháidithe agus nuair is féidir spreagtar an earnáil phríobháideach athchúrsáil a dhéanamh agus saoráidí athchúrsála a sholáthar trí idirghabháil na n-oifigeach iomcuí i seirbhís bhainistiú dramhaíola na Comhairle.

Tá an Plean leasaithe, tá sprioc leagtha síos ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun forbairt saoráidí do dhramhaíl C&D ag an earnáil phríobháideach a spreagadh agus a chur chun cinn.

Tá an NCDWC agus an CIF den tuairim freisin nach bhfuil Údaráis Áitiúla ag déanamh a ndóthain i réimse an fhorghníomhaithe ceada.

Tá Comhairle Chontae Dhún na nGall gníomhach sa réimse seo agus iad ag tabhairt faoina ról agus a bhfreagracht maidir le forghníomhú Ceada Dramhaíola.

Tá an Plean leasaithe, tá cuspóir leagtha síos ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun bailiú agus bainistiú dramhaíola C&D a rialáil chun cuspóirí an Phlean a bhaint amach.

Tagraíonn NCDWC agus an CIF do Roinn 8.13 agus fáil a bheith ar Láithreáin Áiseanna Cathartha do Dhramhaíl C&D agus do thógálaithe beaga.

Is ann do Láithreáin CA le haghaidh úsáid baile agus i gcomhair sruthanna sainiúla dramhaíola amháin. Is féidir glacadh le roinnt dramhaíola ó ghníomhaíocht DIY baile, ach ní féidir glacadh le dramhaíl tráchtála áfach.

Tá an dréachtPhlean leasaithe, forálann an plean críochnaitheach do mhéideanna beaga dramhaíola C&D tí a eascraíonn as gníomhaíochtaí DIY a bhailiú ag láithreáin áiseanna cathartha.

Tagraíonn NCDWC agus an CIF do Roinn 12 agus arís áitíonn ar an gComhairle infrastruchtúr a sholáthar do dhramhaíl C&D.

Mar a dúradh, breathnaítear air seo mar cheist don earnáil phríobháideach féin foráil a dhéanamh don infrastruchtúr dramhaíola C&D.

Tá an dréachtPhlean leasaithe, tá sprioc leagtha síos ag Comhairle Chontae Dhún na nGall chun forbairt saoráidí do dhramhaíl C&D ag an earnáil phríobháideach a spreagadh agus a chur chun cinn.

Tagraíonn an NCDWC agus an CIF do Roinn 15.3 agus déanann trácht ar an úsáid a bhaintear as an ráiteas "clárú láithreán dramhaíola tógála agus scartála a spreagadh" á rá gur ceanglas dlíthiúil é sin.

Mar a dúradh thuas, leanann Comhairle Chontae Dhún na nGall polasaí forghníomhaithe sa réimse sin. Mar sin féin, má bhaintear úsáid as polasaí spreagtha agus má fhreagraíonn na daoine a bhfuiltear ag díriú orthu don pholasaí sin, ansin is féidir an gá a bhíonn le bheith ag brath ar fhorghníomhú a laghdú agus is féidir tuiscint níos fearr idir an rialálaí agus an dream a ndéantar rialáil orthu a fhorbairt as a leanfaidh rátaí comhlíonta foriomlána níos fearr.

Tagraíonn an NCDWC agus an CIF do Roinn 16.6 agus an dáta atá luaite mar 2015 a rá gur dáta níos oiriúnaí é 2013.

Tá an tuairim ceart agus tá an leagan críochnaitheach den phlean bhainistiú dramhaíola leasaithe dá réir.

Tagraíonn an NCDWC agus an CIF do Roinn 16.6 agus na dréacht-Treoirlínte Sárchleachtais tugtha cothrom le dáta ar Phleananna Bhainistiú Dramhaíola a Ullmhú do Tionscadail Tógála & Scartála. Thar aon rud eile tagraíonn siad do na hathruithe beaga ar an tairseach do Phleananna Bhainistiú Dramhaíola Tionscadail.

Tugann an plean na hathruithe leanúnacha sa phróiseas dréachtaithe seo ar aird agus tagraíonn don leagan críochnaitheach den doiciméad seo.

Tagraíonn an NCDWC agus an CIF do Roinn 17.5.2 agus Tábla 17.4 agus ról Chomhairle Chontae Dhún na nGall maidir le cur chun cinn a dhéanamh ar shaoráidí do dhramhaíl Tógála

& Scartála. Moltar go n-iarrfadh Comhairle Chontae Dhún na nGall ar an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú a chur ar fáil chun cabhair deontais a thabhairt do shaoráidí den sórt sin.

De bhrí go bhféadfadh iarraidh den sórt sin a bheith ag dul i gcoinne an Phrionsabail go nÍocann an Truaillitheoir ní mheastar é a bheith ina ghníomh cuí do Chomhairle Chontae Dhún na nGall ag an tráth seo.

Molann an NCDWC agus an CIF láithreáin mar shuímh oiriúnacha d'athchúrsáil C&D.

Ba chóir a aithint go bhfuil láithreáin den sórt sin aitheanta ag Comhairle Chontae Dhún na nGall cheana mar láithreáin oiriúnacha chun na críocha sin ina cuid polasaithe ceadaithe do ghníomhaíochtaí den sórt sin.

4.6 RÓLANNA AGUS FREAGRACHTAÍ

Dúirt Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll gur gcaithfidh Comhairle Chontae Dhún na nGall an tslí a thaispeáint trí shampla a thabhairt.

Aithníonn Comhairle Chontae Dhún na nGall go bhfuil ról lárnach aici maidir le feabhas a chur ar úsáid acmhainní agus ar chleachtais bhainistiú dramhaíola sa Chontae. Tabharfaidh an Chomhairle faoi fheidhmiú na spriocanna agus na gcuspóirí atá sa phlean i dteannta le hionchur ó sheirbhísí san earnáil phríobháideach.

Go dtí seo, tá tíos glas curtha i bhfeidhm ag an gComairle mar aon le bearta feidhmíochta comhshaoil agus tá polasaithe agus cleachtais soláthair forbartha aici a spreagann ceannach inbhuanaithe agus a ghríosaíonn forbairt an mhargaidh. Feidhmeoidh an Chomhairle na tosaíochtaí atá mionsonraithe i Roinn 19.2 den phlean go gníomhach.

4.7 BAILIÚ DRAMHAÍOLA

Creideann Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll nach bhfuil príobháidiú na seirbhíse bailithe dramhaíola ag oibriú agus go bhfuil níos lú ná 50% de líonta tí i nDún na nGall ag fáil seirbhís ó bhailiúchán bruscair. Ba chóir smaoineamh ar líonta tí i gceantair thuaithe an Chontae agus an bhféadfaí pointe bailiúcháin áitiúil a bhunú.

Tuigeann Comhairle Chontae Dhún na nGall go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar cheist na dramhaíola i nDún na nGall. Sainaithníonn Roinn 15 den Phlean staidéar taighde chun sonraí bonnlíne a bhunú ar an líon líonta tí a bhaineann leas faoi láthair as seirbhís bhailiúcháin dramhaíola mar sprioc. Tabharfaidh an staidéar seo aghaidh ar an gceist faoin

gcúis nach bhfuil dramhaíl á bailiú, an tslí a bhfuiltear ag diúscairt de na hábhair agus sonróidh réitigh ar an gceist seo.

Deir Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll gur fadhb é dumpáil mhídhleathach ar dhramhaíl mar gheall ar na costais ollmhóra bailithe dramhíola/diúscartha.

Ó Eanáir 2005 tá muirir a bhaineann le húsáid tugtha isteach do líonta tí ar fud an chontae trí chóras bunaithe ar thoirt. Tá forbairt ar mhuirir dhíreacha úsáideora bunaithe i ndoiciméad polasaí an Rialtais "*Preventing and Recycling Waste: Delivering Change,* 2002" agus tá sé mar aidhm leis laghdú dramhaíola agus athchúrsáil a spreagadh.

4.8 TÁILLÍ AG LÍONADH TALÚN

Creideann na Conraitheoirí Dramhaíola nár chóir go mbeadh aon laghdú ar tháillí geata ag líonadh talún mura ndán is go gcuirtear toirmeasc ar adhmad agus dramhaíl orgánach lena chinntiú go gcuirtear athchúrsáil chun cinn agus go mbíonn an athchúrsáil inmharthana ó thaobh airgid de.

Leiríonn táillí líonadh talún an costas a bhaineann le seirbhísí bhainistiú dramhaíola a sholáthar agus na himthosca foriomlána reatha sa mhargadh diúscartha dramhaíola. Cé go bhfuil aird á tabhairt ar an gceist maidir le hadhmad agus dramhaíl orgánach a athstiúradh ó líonadh talún mar chuid den athstiúradh iomlán ar ábhair inbhithdhíghrádaithe, caithfear dearcadh níos leithne ná an réimse sainiúil seo a thabhairt do tháillí líonadh talún.

4.9 CAITEACHAS

Tá imní ar Ghrúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll go bhfanfaidh an caiteachas athchúrsála tuartha agus an caiteachas oideachais agus feasachta mar a chéile ó 2006 go dtí 2010.

Is eol do Chomhairle Chontae Dhún na nGall go bhfhuil an costas a ghabhann leis an ngníomhaíocht seo ag an leibhéal céanna ar fud shaolré an phlean. D'fháilteodh Comhairle Chontae Dhún na nGall roimh thacaíocht bhreise ón Rialtas Lárnach chun go bhféadfaí an maoiniú ar na gníomhaíochtaí sin a mhéadú.

4.10 SOLÁTHAR SEIRBHÍSE

Tagraíonn an NCDWC agus an CIF don ghá atá le saoráidí a shainaithint a bheidh riachtanach chun na sruthanna éagsúla dramhaíola C&D a athchúrsáil agus chun forbairtí den

sórt sin a spreagadh. Molann siad ansin arís gur chóir úsáid a bhaint as ionaid tabhartha i gcomhair dramhaíola C&D.

Tá tagairt déanta de na nithe seo i Roinn 4.4 thuas agus tá freagra tugtha orthu inti.

4.11 FORBAIRTÍ POLASAÍ

Dúirt na Conraitheoirí Dramhaíola gur chóir do Chomhairle Chontae Dhún na nGall maoirseacht a dhéanamh ar na polasaithe áitiúla agus náisiúnta reatha maidir le diúscairt cheart agus cóireáil cheart ar dhramhaíl.

Déanann Comhairle Chontae Dhún na nGall monatóireacht ar fhorbairtí polasaí sa réimse bhainistiú dramhaíola, trína hacmhainní féin agus freisin trí úsáid a bhaint as foinsí seachtracha.

4.12 SOLÁTHAR

Dúirt na Bailitheoirí Dramhaíola go gcaithfidh dualgas a bheith ar Údaráis Áitiúla mar cheannaitheoir earnála poiblí tabhairt go ghníomhach faoi tháirgí athchúrsáilte a cheannach agus gur chóir dóibh cur chuige forghníomhach a bheith acu ina leith.

Tá polasaí soláthair a bhaineann le hearraí athchúrsáilte ag Comhairle Chontae Dhún na nGall. Mar sin féin, leagann an Treoir Soláthair rialacháin shainiúla síos i ndáil le hábhair a cheannach a gcaithfidh gach Údarás Áitiúil déanamh dá réir. Is féidir leis sin cosc a chur amanna ar earraí áirithe a cheannach, nithe athchúrsáilte san áireamh.

4.13 LÁTHAIR LÍONADH TALÚN A ROGHNÚ

Tá iarrtha ag Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll go mbunófaí grúpa chun critéir a leagan síos le haghaidh saoráidí líonadh talún sula dtosófaí ar aon Mheasúnú Tionchair Comhshaoil.

Leanann Comhairle Chontae Dhún na nGall treoirlínte diana na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ar láthair líonadh talún a roghnú agus ar shárchleachtas. Tugann dréachtLámhleabhar an EPA ar Láthair Líonadh Talún a Roghnú imlíne ar phróiseas céimnithe a chuimsíonn staidéar deisce, mapáil ar fhachtóirí eisiatacha, critéir láithreáin a roghnú agus gearrliosta a dhéanamh ar limistéar a bhíonn oiriúnach go ginearálta ag baint úsáide as critéir maidir le láithreáin a roghnú. Déantar láithreacha a bhíonn ar an ngearrliosta a mheas go mion sula ndéantar an rogha deiridh.

4.14 Rátaí Fáis Dramhaíola

D'ardaigh Grúpa Caomhnaithe Comhshaoil Mhín na bPoll an cheist cén fáth gur ráta fáis dramhaíola de 1.5% a úsáideadh.

Ionas go ndéanfaidh an Chomhairle an soláthar is gá le haghaidh infrastruchtúir agus seirbhísí, tugann an méid dramhaíola a chaithfear a bhailiú, a athchúrsáil, a dhiúscairt nó a chóireáil ar shlí eile mír chriticiúil do chuspóirí pleanála, ó thaobh na gcostas de agus freisin ó thaobh scála agus cineál na saoráidí agus na seirbhísí a chaithfidh siad a sholáthar. Is 3.8% é an meán náisiúnta atá tuairiscithe. Mar sin féin, níl aon léiriú ann go bhfuil an ráta fáis i nDún na nGall chomh hard leis sin agus chun críocha fás dramhaíola a ríomh baineadh úsáid as ráta fáis de 1.5%.

5.0 CONCLÚIDÍ

Tugann an tuarascáil seo mionsonraí ar an gcomhairlúchán a rinneadh i rith na Bealtaine agus Iúil 2006 ar an Dréacht-Phlean Athsholáthair Bhainistiú Dramhaíola do 2006-2010 do Chomhairle Chontae Dhún na nGall.

Cé go raibh na freagraí teoranta don phróiseas comhairliúcháin seo, thug na freagróirí tuairimí agus moltaí cuimsitheacha agus úsáideacha maidir le bainistiú na dramhaíola cathrach sa Chontae amach anseo. Tugann an Chomhairle aitheantas don mhéid ama a chaith na húdair leo agus an dícheall a chuir siad iontu.

Breithníodh na haighneachtaí go léir agus tugadh aird ar na tuairimí. Tá aon athruithe atá saonraithe sa Tuarascáil Comhairliúcháin seo curtha isteach sa Phlean críochnaitheach Bhainistiú Dramhaíola atá le cur ar aghaidh chuig Bainisteoir an Chontae lena cheadú.